# Bearnaí

**Léigh na habairtí seo thíos faoi chaitheamh aimsire. Roghnaigh an focal is fearr (A, B nó C) ón mbosca thíos do gach bearna.**

1. Téim go dtí an _________(1).
2. _________(2) ar an teilifís.
3. Éistim _________(3) an raidió.
4. Téim chuig drámaí le mo _________(4).
5. An _________(5) tú go dtí an amharclann go minic?
6. An _________(6) leat ceol clasaiceach?
7. Níl suim dá laghad agam sa _________(7) traidisiúnta.
8. Téim go dtí an teach tábhairne ag an deireadh _________(8).
9. Cad a _________(9) tú Dé Domhnaigh?
10. Is _________(10) liom leadóg.
11. Seinnim an giotár le _________(11) san óstán gach Dé hAoine.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1.** | A) bpictiúrlann | B) phictiúrlann | C) pictiúrlann |
| **2.** | A) Féachann | B) Bhféachaim | C) Féachaim |
| **3.** | A) le | B) léi | C) leis |
| **4.** | A) bhean chéile | B) bean chéile | C) bhean céile |
| **5.** | A) théann | B) téann | C) dtéann |
| **6.** | A) maith | B) mhaith | C) bhreá |
| **7.** | A) ceol | B) gceol | C) cheol |
| **8.** | A) seachtain | B) seachtaine | C) seachtainí |
| **9.** | A) ndéanann | B) déanann | C) dhéanann |
| **10.** | A) fhuath | B) fuath | C) bhfuath |
| **11.** | A) chara | B) gcara | C) cara |

# Bearnaí
# Brí na mbearnaí

**1.** Sa chéad bhearna is é *an phictiúrlann* an freagra ceart, mar is focal baininscneach é *pictiúrlann* a thosaíonn le consan. Cuirtear séimhiú (más féidir) ar fhocail bhaininscneacha a thosaíonn le consan i ndiaidh *an*, cosúil le: *an chistin*. Níl aon athrú ar fhocail fhirinscneacha sa chás céanna, *an baile*. An féidir leat na focail thíos a scríobh amach i gceart leis an alt *an* rompu?

| **Focail bhaininscneacha** | **Focail fhirinscneacha** |
|---|---|
| 1. cistin | 1. Meiriceánach |
| 2. máthair | 2. Ceanadach |
| 3. meánscoil | 3. baile |
| 4. fuinneog | 4. bord |
| 5. cathair | 5. pictiúr |
| 6. páirc | 6. ceol |

**2.** Féach ar an liosta seo d'ainmfhocail. An bhfuil na focail firinscneach nó baininscneach? Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart. Bain úsáid as na focail sa tábla thuas mar threoir.

| | | |
|---|---|---|
| **1.** cathaoir | firinscneach | baininscneach |
| **2.** Sasanach | firinscneach | baininscneach |
| **3.** peil | firinscneach | baininscneach |
| **4.** ollscoil | firinscneach | baininscneach |
| **5.** duilleog | firinscneach | baininscneach |
| **6.** seanmháthair | firinscneach | baininscneach |
| **7.** saighdiúir | firinscneach | baininscneach |
| **8.** amharclann | firinscneach | baininscneach |

Líon isteach an ghreille seo a leanas, bunaithe ar cheist **1** agus cheist **2**. Scríobh an freagra cuí san áit cheart bunaithe ar an dá rogha atá agat.

**Cuirtear séimhiú (h)** **Ní chuirtear séimhiú (-)**

| | **Firinscneach** | **Baininscneach** |
|---|---|---|
| **Consain** | | |

1. Ní maith.
2. Is maith. Féachaim ar Rugbaí beo go minic. Is breá liom spórt.
3. Ní fhéachaim ach féachaim ar an nuacht anois is arís. Cad fútsa?
4. Imrím galf agus leadóg. An maith leatsa spórt?
5. Féachaim.
6. An bhféachann tú ar TG4?
7. Imrím galf agus peil.
8. Is maith. Seinnim ceol ar TG4 go minic. An seinneann tusa?